Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10126/22**

**RECH 371**
**TELECOM 267**
**COMPET 491**
**IND 227**
**MI 468**
**EDUC 245**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 10 Meitheamh 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9515/22 |
| Ábhar: | Measúnú ar thaighde agus cur chun feidhme na hEolaíochta<br>– Conclúidí ón gComhairle (arna nglacadh an 10 Meitheamh 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le "Measúnú ar thaighde agus cur chun feidhme na hEolaíochta", a ghlac an Chomhairle ag an 3877ú cruinniú a bhí aici an 10 Meitheamh 2022.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE MEASÚNÚ AR THAIGHDE AGUS CUR CHUN FEIDHME NA hEOLAÍOCHTA OSCAILTE

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI

– na conclúidí uaithi i mí na Bealtaine 2016 maidir leis an aistriú i dtreo córas Eolaíochta Oscailte[1], inar aithníodh go bhféadfadh eolaíocht oscailte cáilíocht, tionchar agus tairbhí na heolaíochta a mhéadú agus dlús a chur le dul chun cinn an eolais trína dhéanamh níos iontaofa, níos éifeachtúla agus níos cruinne, níos sothuigthe don tsochaí agus níos freagrúlaí ar dhúshláin shochaíocha agus inar spreagadh go bhforbrófaí a thuilleadh an measúnú ar cháilíocht eolaíoch;

– conclúidí mhí na Nollag 2020[2] uaithi maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET) Nua, inar léiríodh go bhfuil ról ríthábhachtach ag an Eolaíocht Oscailte maidir le tionchar, cáilíocht, éifeachtúlacht, trédhearcacht agus sláine na taighde agus na nuálaíochta a threisiú; lenar spreagadh an Coimisiún, na Ballstáit agus na geallsealbhóirí chun tacú le cleachtais Eolaíochta Oscailte agus iad a chur chun feidhme ina gcuid córas luaíochta agus meastóireachta le haghaidh taighde, taighdeoirí agus institiúidí; agus inar aithníodh gur eilimintí ábhartha de bheartas LET maidir leis an Eolaíocht Oscailte iad an bhiblea-éagsúlacht, an t-ilteangachas agus aitheantas a thabhairt do gach aschur eolaíoch;

– conclúidí an 28 Bealtaine 2021 uaithi maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde a dhoimhniú: Gairmeacha tarraingteacha agus dálaí oibre atá tarraingteach agus inbhuanaithe a chur ar fáil do thaighdeoirí agus cúrsaíocht daoine oilte a chur ar bun i ndáiríre[3], rud a chuir i dtreis na deacrachtaí a bhaineann leis na cleachtais luaíochta agus measúnaithe atá ann faoi láthair, agus a d’iarr ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún, ar eagraíochtaí a dhéanann taighde agus ar eagraíochtaí maoinithe obair a dhéanamh i dtreo athchóiriú na hearnála agus an fhorbairt is gá a dhéanamh i dtreo measúnú níos cáilíochtúla;

---

[1] 9526/16.
[2] 13567/20.
[3] 9138/21.

– Moladh (AE) 2021/2122 ón gComhairle an 26 Samhain 2021 maidir le Comhshocrú um Thaighde agus Nuálaíocht san Eoraip[4], ina moltar go ndéanfadh na Ballstáit prionsabal an tsaothraithe barr feabhais sa chóras measúnaithe taighde a chur i bhfeidhm agus luaíocht a thabhairt don cháilíocht dá réir, agus ina leagtar amach mar réimse tosaíochta de chuid LET le haghaidh gníomhaíochta lena dtacófar le fíorchultúr oscailte eolaíochta ar fud an Aontais agus lena dtabharfar luaíocht dó;

– conclúidí an 26 Samhain 2021 uaithi maidir le rialachas ar an Limistéar Eorpach Taighde (LET)[5] amach anseo, go háirithe Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2022-2024, inar leagadh amach catalóg de ghníomhaíochtaí deonacha maidir le LET chun cur leis na réimsí tosaíochta a shainítear sa Mholadh ón gComhairle maidir le Comhshocrú um Thaighde agus Nuálaíocht san Eoraip;

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí i Moladh (AE) 2018/790 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2018 maidir le rochtain ar fhaisnéis eolaíoch agus caomhnú na faisnéise sin[6], an tuarascáil deiridh ó ghrúpa comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh, an tArdán don Bheartas Eolaíochta Oscailte, is é sin an tuarascáil dar teideal 'Dul chun cinn maidir leis an Eolaíocht Oscailte: I dtreo comhchórais eolais taighde'[7], an páipéar treoirlínte ón Tascfhórsa Triantánach de chuid CLETN dar teideal 'Meastóireacht taighde i gcomhthéacs na hEolaíochta Oscailte agus an chomhionannais inscne'[8], ina sainaithnítear roinnt moltaí maidir le córais meastóireachta taighde, chomh maith leis an moladh ó UNESCO maidir leis an Eolaíocht Oscailte a glacadh i mí na Samhna 2021, ina moltar athchóiriú ar an gcóras measúnaithe taighde[9], agus toradh an chomhairliúcháin leis na geallsealbhóirí mar a leagtar síos sa tuarascáil scóipe ón gCoimisiún dar teideal '*Towards a reform of the research assessment system*' [I dtreo athchóiriú ar an gcóras measúnaithe taighde][10];

---

4 IO L 431, 2.12.2021, lch. 1.
5 14308/21.
6 IO L 134, 31.5.2018, lch. 12.
7 Progress on open science - Publications Office of the EU (europa.eu)
8 1201/21.
9 UNESCO Recommendation on Open Science - UNESCO Digital Library
10 I dtreo athchóiriú ar an gcóras measúnaithe taighde:tuarascáil scóipe – https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/36ebb96c-50c5-11ec-91ac-01aa75ed71a1/language-en

2. ADMHAÍONN SÍ, ionas go gcuirfear dlús le cur chun feidhme agus le tionchar na mbeartas agus na gcleachtas Eolaíochta Oscailte ar fud na hEorpa, nach mór gníomhaíocht a dhéanamh chun bogadh i dtreo cur chuige athnuaite maidir le measúnú taighde, lena n-áirítear scéimeanna dreasachta agus luaíochta, chun cur chuige Eorpach a chur ar bun i gcomhréir leis an gComhshocrú um Thaighde agus Nuálaíocht san Eoraip, agus chun cumais a neartú le haghaidh fhoilsiú acadúil agus chumarsáid scolártha na n-aschur taighde uile, agus úsáid an ilteangachais a spreagadh, i gcás inarb iomchuí, chun críoch torthaí taighde Eorpacha a scaipeadh níos forleithne;

## I. <u>Athchóiriú na gcóras measúnaithe taighde san Eoraip</u>

3. ADMHAÍONN SÍ gur cheart do na córais measúnaithe taighde díriú ar cháilíocht agus ar thionchar, agus MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil na córais measúnaithe taighde atá ann faoi láthair ródhírithe ar roinnt táscairí cainníochtúla atá bunaithe ar irisí agus ar fhoilseacháin a úsáid agus gur cúng raon na dtorthaí taighde a mheastar; MEASANN SÍ go bhféadfadh claonadh diúltach a bheith mar thoradh ar chur chuige den sórt sin maidir le cáilíocht, in-atáirgtheacht agus sláine an taighde; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart taighde torthaí agus próisis taighde eile a áireamh ar an measúnú taighde agus an luath-chomhroinnt eolais a chur chun cinn mar aon le comhoibriú chun dlús a chur le cur chun feidhme bheartais agus chleachtais na hEolaíochta Oscailte;

4. CUIREANN SÍ I dTREIS, go bhfuil céimeanna á dtabhairt ag a lán eagraíochtaí maoinithe agus feidhmíochta taighde, chomh maith le húdaráis measúnaithe taighde, chun feabhas a chur ar an gcaoi a measann siad taighde agus taighdeoirí, ach ainneoin sin go mbíonn an t-athrú fós mall, míchothrom agus ina phíosaí ar fud na hEorpa, agus dá bhrí sin ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá dul chun cinn a dhéanamh in éineacht le chéile chun athchóiriú a dhéanamh ar na córais agus na cleachtais éagsúla measúnaithe taighde ionas go bhfeabhsófar cáilíocht, oscailteacht, feidhmíocht agus tionchar an taighde, na dtaighdeoirí, na bhfoirne taighde agus na n-institiúidí; Thairis sin, CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart luaíocht iomchuí a thabhairt do chur chun feidhm phrionsabail na hEolaíochta Oscailte i ngairmréim taighdeoirí;

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór cur chuige comhpháirteach den sórt sin a cheapadh ar bhealach cuimsitheach comhchoiteann, ós rud é go mbaineann sé le go leor gníomhaithe ar leibhéil éagsúla, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhféadfadh tionscnamh Eorpach comhordú na n-athruithe ar chórais measúnaithe taighde a éascú, agus sainiúlachtaí náisiúnta agus tréithe na ndisciplíní éagsúla taighde á gcur san áireamh;

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart do chlaochlú na gcóras measúnaithe taighde an méid a leanas a chuimsiú: measúnú ar thaighdeoirí aonair, ar fhoirne taighde, ar eagraíochtaí taighde agus institiúidí ardoideachais, ar bhonneagair taighde, ar aschuir agus tionscadail taighde, agus go bhfuil sé tábhachtach neamhréireachtaí idir sraitheanna éagsúla measúnaithe a sheachaint;

7. AG AITHINT go mbíonn ról tábhachtach ag an athbhreithniú piaraí sa mheasúnú taighde ó thaobh eolaíocht iontaofa sármhaith a áirithiú, agus go mbíonn na taighdeoirí iad féin ag feidhmiú mar athbhreithneoirí agus meastóirí in a lán cásanna; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart do na taighdeoirí iad féin a bheith i gcroílár na héabhlóide seo, ós rud é go bhfuil sé ríthábhachtach go dtacaíonn siad leis na prionsabail fheabhsaithe don mheasúnú taighde agus go gcuireann siad chun feidhme iad, agus go gcuirfear oiliúint iomchuí orthu don chúram sin, d'fhonn a áirithiú go nglacfaidh pobal na heolaíochta na hathruithe ar bhonn leathan; I ndáil leis sin, CREIDEANN SÍ gur cheart do thaighdeoirí ag gach céim den ghairmréim ról gníomhach a ghlacadh i gcur chuige athnuaite an mheasúnaithe taighde agus maidir le prionsabail agus cleachtais na hEolaíochta Oscailte a chur i bhfeidhm;

8. MOLANN SÍ gur cheart éabhlóid na gcóras measúnaithe taighde san Eoraip a bheith á treorú ag na prionsabail seo a leanas, agus neamhspleáchas na n-institiúidí taighde agus saoirse an taighde eolaíoch, chomh maith le héagsúlacht an chomhthéacs náisiúnta agus dhisciplínigh á n-urramú, agus a gcomhsheasmhacht le tionscnaimh idirnáisiúnta á cur san áireamh:

   a. bogadh i dtreo cur chuige níos cothroime idir an mheastóireacht chainníochtúil agus an mheastóireacht cháilíochtúil ar thaighde, trí na táscairí cáilíochtúla measúnaithe taighde a neartú agus úsáid fhreagrach na dtáscairí cainníochtúla á forbairt;

b. aitheantas a thabhairt do gach cineál aschuir agus próiseas taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear *inter alia* tacair sonraí, bogearraí, cóid, modheolaíochtaí, prótacail agus paitinní, agus ní foilseacháin amháin; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart sonraí a bheith inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte, i gcomhréir le prionsabail FAIR;

c. na bealaí gairme éagsúla agus gach gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta a chur san áireamh, lena n-áirítear meantóireacht, róil cheannaireachta, fiontraíocht, bainistiú sonraí, teagasc, luachshocrú eolais, comhar idir an lucht tionscail agus an lucht acadúil, tacaíocht do cheapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise, idirghníomhaíocht leis an tsochaí, lena n-áirítear eolaíocht na saoránach agus rannpháirtíocht phoiblí;

d. sainiúlachtaí na ndisciplíní éagsúla taighde, an raon ó thaighde bunúsach go taighde feidhmeach, céimeanna na ngairmeacha taighde agus misin na n-institiúidí taighde a chur san áireamh;

e. a áirithiú go dtugtar an tosaíocht is airde don eitic agus don ionracas agus nach gcuirtear as dóibh trí dhreasachtaí eile;

f. éagsúlacht agus comhionannas inscne a áirithiú agus mná a chur chun cinn san eolaíocht go gníomhach;

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh Eorpach lenar seoladh idirphlé le geallsealbhóirí ar an leibhéal Eorpach d'fhonn tuairimí a bhailiú maidir le córais measúnaithe taighde, agus a bhfuil sé d'aidhm aige bunú comhghuaillíochta leithne geallsealbhóirí a éascú atá toilteanach athruithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ar bhonn deonach, trí chomhaontú chun gníomhaíochtaí nithiúla a chothú chun córais measúnaithe taighde a athchóiriú;

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE 'glaoch Pháras maidir le measúnú taighde' a foilsíodh ar ócáid na Comhdhála Eorpaí maidir leis an Eolaíocht Oscailte i mí Feabhra 2022[11], ina n-iarrtar ar na geallsealbhóirí uile a bheith rannpháirteach sa chomhghuaillíocht;

---

[11] [Paris Call – OSEC 2022]

11. MOLANN SÍ do na Ballstáit athchóiriú an chórais measúnaithe taighde a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, i ndlúthchomhar le taighdeoirí, agus neamhspleáchas na n-eagraíochtaí taighde á urramú ag an am céanna, ar bhonn na bprionsabal thuasluaite;

12. IARANN SÍ ar na Ballstáit eagraíochtaí maoiniúcháin taighde agus údaráis mheasúnaithe, ollscoileanna agus institiúidí ardoideachais ábhartha eile, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, chomh maith le hinstitiúidí a dhéanann cúraimí measúnaithe, a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh Eorpach agus treoir agus tacaíocht iomchuí a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta;

13. AITHNÍONN SÍ gur gá dea-chleachtais a chomhroinnt ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun athruithe ar na córais measúnaithe taighde a chur chun feidhme, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, anailís a dhéanamh ar bhacainní dlíthiúla agus riaracháin ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal trasnáisiúnta le haghaidh córas athnuaite measúnaithe taighde, gníomhaíochtaí a mholadh chun bacainní sainaitheanta a bhaint agus chun tacú le malartú cleachtas agus leis an bhfoghlaim fhrithpháirteach ar an leibhéal Eorpach;

14. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún agus ar gheallsealbhóirí neamhspleáchas, oscailteacht, in-atáirgtheacht agus trédhearcacht na sonraí agus na gcritéar is gá chun taighde a mheasúnú agus chun tionchair taighde a chinneadh a chur chun cinn; MEASANN SÍ gur cheart, i bprionsabal, rochtain oscailte a bheith ar na bunachair shonraí agus ar na bunachair bhibleagrafacha a úsáidtear chun taighde a mheasúnú agus gur cheart trédhearcacht a bheith ann mar thoradh ar uirlisí agus córais theicniúla;

15. MEASANN SÍ go bhféadfadh comhghuallaíochtaí Ollscoileanna Eorpacha agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith ina modhanna tástála chun córais measúnaithe taighde a chlaochlú; MOLANN SÍ dóibh treoirthionscadail a sheoladh chun nósanna imeachta measúnaithe a bhunú i gcomhréir leis na prionsabail thuasluaite ar bhonn deonach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit coinníollacha creata a chur chun cinn lena dtabharfar tacaíocht do gheallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear comhghuallaíochtaí Ollscoileanna Eorpacha, chun na críche sin;

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur príomhchuid de tharraingteacht gairmeacha taighde é claochlú na gcóras um measúnú taighde agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit prionsabail an mheasúnaithe taighde a áireamh i bhforbairt an Chreata Eorpaigh do Ghairmeacha Taighde, san athbhreithniú ar an gCairt Eorpach do Thaighdeoirí agus sa Chód Iompair maidir le taighdeoirí a earcú, chomh maith le bunú Ardán Tallainne amach anseo;

## II. **<u>Cur chuige Eorpach agus acmhainneachtaí le haghaidh foilsitheoireacht acadúil agus cumarsáid scolártha</u>**

17. CUIREANN SÍ I dTREIS GO LÁIDIR gur chun leasa shaoránaigh na hEorpa agus gheilleagar na hEorpa margadh trédhearcach, iomaíoch a áirithiú lena bhféadfaidh cuideachtaí príobháideacha, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), chomh maith le heagraíochtaí a mhaoinítear go poiblí amhail ollscoileanna, eagraíochtaí taighde agus sochaithe léannta, rannchuidiú le comhchóras eolais taighde agus tairbhe a bhaint as; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún obair a dhéanamh chun an creat rialála a fheabhsú ionas go mbeifear in ann rochtain gan bhac a fháil ar thorthaí taighde, foilseacháin agus sonraí a mhaoinítear go poiblí agus go mbeifear in ann na torthaí, na foilseacháin agus na sonraí sin a athúsáid chun críoch taighde agus go ndéanfar an t-ualach riaracháin ar bhonneagair agus ar sheirbhísí taighde a íoslaghdú;

18. CUIREANN SÍ I dTREIS GO LÁIDIR gur chuir géarchéim COVID-19 chun suntais na buntáistí a bhaineann leis an Eolaíocht Oscailte agus le rochtain oscailte láithreach ar fhoilseacháin taighde, bealaí níos tapúla chun cáilíocht an taighde a sheiceáil, agus na módúlachtaí rochtana oscailte a leathnú a thuilleadh, rud a bhí ríthábhachtach chun freagairtí gasta ar an ngéarchéim a fhorbairt trí rochtain thapa a cheadú ar thorthaí nua taighde chun an galar a chomhrac; AITHNÍONN SÍ gur chuir an ghéarchéim chun suntais freisin na buntáistí a bhaineann le rochtain mhéadaithe ar shonraí taighde bunaithe ar phrionsabail FAIR;

19. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus is ábhar imní di, an t-ualach airgeadais ar institiúidí taighde agus ar bhuiséid na mBallstát a eascraíonn as an méadú ar an gcaiteachas ar rochtain ar fhoilseacháin eolaíocha agus ar fhoilsitheoireacht rochtana oscailte agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE sa chomhthéacs sin straitéisí lena ndírítear ar chaiteachas a shrianadh, amhail na gníomhaíochtaí a rinne Comhghuaillíocht S nó APC Oscailte maidir leis an tsaincheist sin, agus a bhfuil sé mar aidhm leo trédhearcacht a áirithiú chomh maith le coinníollacha córa agus comhionanna i gconarthaí le foilsitheoirí;

20. CUIREANN SÍ I dTREIS GO LÁIDIR gur den ríthábhacht don Aontas agus dá Bhallstáit é cur chuige coiteann a bhunú i dtéarmaí prionsabail chomhroinnte le haghaidh foilsitheoireacht acadúil agus cumarsáid scolártha, ós rud é gur saincheist é seo a bhaineann le forbairt agus scaipeadh eolais, ceannasacht agus úsáid chuí cistí poiblí, agus gur gá don Aontas agus do na Ballstáit a gcumas a fhorbairt i ndáil le foilsitheoireacht acadúil i gcomhordú cuí leis na geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha uile sa réimse sin atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, agus aird á tabhairt ar na dúshláin shonracha a bhaineann le gach disciplín eolaíoch, lena n-áirítear na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta;

21. Is DÍOL SÁSAIMH DI gur bunaíodh Taighde Oscailte Eorpach, an t-ardán foilsitheoireachta rochtana oscailte a bhunaigh an Coimisiún, chomh maith le hardáin chomhchosúla agus preasanna ollscoile a bhfuil rochtain oscailte orthu a bhunaigh lucht maoinithe taighde poiblí agus príobháideach laistigh den Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin, chomh maith le bonneagair thaighde thiomnaithe amhail OpenAIRE (Bonneagar Rochtana Oscailte don Taighde san Eoraip) agus OPERAS (Cumarsáid scolártha oscailte sa Limistéar Eorpach Taighde um na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí); IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar eagraíochtaí maoinithe taighde féachaint an bhféadfaí a bheith páirteach sa tionscnamh Taighde Oscailte Eorpach d’fhonn a cháilíocht agus a tharraingteacht a fheabhsú nó, mura féidir sin, féachaint an bhféadfaí a n-ardáin foilsitheoireachta rochtana oscailte féin a bhunú, más gá;

22. CUIREANN SÍ I dTREIS GO LÁIDIR gur cheart éagsúlacht na samhlacha gnó d'irisí agus d'ardáin rochtana oscailte a spreagadh; MEASANN SÍ gur cheart d'údair na bhfoilseachán taighde nó a n-institiúidí cearta maoine intleachtúla leordhóthanacha a choinneáil chun rochtain oscailte a áirithiú, as a dtiocfaidh scaipeadh, luachshocrú agus athúsáid níos leithne torthaí lena gcuirfear feabhas ar chothromaíocht chóir na samhlacha gnó foilsitheoireachta; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart táillí síntiúis chomh maith le táillí maidir le rochtain oscailte, nuair a chuirtear i bhfeidhm iad, a bheith trédhearcach agus i gcomhréir leis na seirbhísí foilsithe; MEASANN SÍ gur cheart aon aschur taighde a fhoilsítear a fhoilsiú ar bhonn mheasúnú ar a cháilíocht, agus gur cheart dul i ngleic le haon chlaonadh a d'fhéadfadh a bheith ann, *inter alia* de bharr cumais chaiteachais, ar leibhéal an taighdeora nó ar an leibhéal eagrúcháin, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún obair a dhéanamh ar an méid sin;

23. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh, i gcomhar leis na Ballstáit, ar fhorbairt agus ar éagsúlacht na foilsitheoireachta eolaíche san Eoraip agus ar chleachtais agus ar chostais foilseachán scolártha, lena n-áirítear trédhearcacht na gcostas billeála, na nósanna imeachta is fearr atá ann cheana a forbraíodh ar an leibhéal náisiúnta a mheas agus a roinnt, agus, i gcás inar féidir, na torthaí a nochtadh, agus chuige sin MOLANN SÍ do na Ballstáit nó, i gcás inarb iomchuí, eagraíochtaí taighde, i gcomhar leis an gCoimisiún, bearta nithiúla a dhéanamh, ina n-idirghníomhaíochtaí le foilsitheoirí, i gcoinne leathadh na socruithe conarthacha nach bhfuil trédhearcach;

24. MEASANN SÍ go bhfuil gealladh faoi roinnt cleachtas maidir leis an Eolaíocht Oscailte, amhail athbhreithniú piaraí oscailte agus luathfhoilsiú réamhchlónna, ach go bhfuil siad dúshlánach, agus gur cheart iad a chur chun cinn a thuilleadh laistigh de chreat comhleanúnach agus a bheith bunaithe ar phrionsabail agus ar chleachtais dhiana sláine, mar gur féidir, mar thoradh orthu, torthaí taighde a scaipeadh go tapa agus bealaí níos tapúla chun cáilíocht na dtorthaí sin a ghrinnfhiosrú;

25. TUGANN SÍ DÁ hAIRE i ndáil leis sin an gá atá le hin-atáirgtheacht thorthaí an taighde a mhéadú ós rud é go gcuireann sé sin le cáilíocht níos airde, próisis taighde níos éifeachtúla, torthaí níos iontaofa, aistriú níos éifeachtaí isteach ina nuálaíochtaí, agus toradh níos airde ar infheistíochtaí sa taighde chomh maith le muinín an phobail as an eolaíocht agus as ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn;

26. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ó CLETN[12] a bhaineann leis an Eolaíocht Oscailte agus leis an tsláine, lena n-áirítear an tsaincheist maidir le cleachtais réamhchló, agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit tacú le heagraíochtaí taighde treoirlínte comhleanúnacha a fhorbairt maidir leis an tsaincheist sin;

## III. <u>Ilteangachas a fhorbairt d'fhoilseacháin scolártha na hEorpa</u>

27. CUIREANN SÍ IN dTÁBHACHT gurb é ceann de phríomhchuspóirí na hEolaíochta Oscailte scaipeadh thorthaí an taighde eolaíoch agus an tionchar a bhíonn acu a mhéadú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an Béarla anois ina *lingua franca* don chomhoibriú eolaíochta idirnáisiúnta trasteorann agus don chumarsáid i roinnt mhaith pobal eolaíochta; MEASANN SÍ go bhféadfadh formáidí foilsitheoireachta tiomnaithe a bheith ag teastáil chun dul i dteagmháil le lucht léitheoireachta neamhacadúil, agus iad a bheith scríofa i dteanga nach bhfuil chomh teicniúil céanna, agus ADMHAÍONN SÍ ról tábhachtach an ilteangachais i gcomhthéacs na cumarsáide eolaíochta leis an tsochaí, go háirithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach; I ndáil leis sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI tionscnaimh chun an t-ilteangachas a chur chun cinn, amhail tionscnamh Heilsincí maidir leis an ilteangachas sa chumarsáid scolártha[13];

28. TUGANN SÍ DÁ hAIRE i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19, go raibh gá le rochtain ar thorthaí taighde nua agus iontaofa, agus go bhféadfaí cur le scaipeadh thorthaí an taighde sna meáin, agus i measc eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha, gairmithe poiblí agus príobháideacha, agus saoránaigh, trí rochtain a fháil ar an eolas nua sin i dteangacha éagsúla Eorpacha;

29. AONTAÍONN SÍ nár cheart scaipeadh deonach foilseachán léannta i níos mó ná teanga amháin a bheith faoi chúram taighdeoirí aonair agus nár cheart go mbeadh sé ag teacht salach ar chustaim agus ar thraidisiúin na dtaighdeoirí, ná ar an ngá le foilsiú i dteangacha sonracha i roinnt disciplíní;

---

12 1207/21.

13 *Helsinki Initiative on Multilingualism in Scholarly Communication,* (2019) - doi.org/10.6084/M9.FIGSHARE.7887059

30. IS DÍOL SÁSAIMH DI na forbairtí a bhfuil gealladh fúthu a tháinig chun cinn le déanaí i réimse an aistriúcháin uathoibríoch a bhuí le dul chun cinn na hintleachta saorga agus MEASANN SÍ go bhféadfadh móracmhainneacht a bheith ag an aistriú leath-uathoibríoch foilseachán scoláireachta laistigh den Eoraip ó thaobh margadh a chruthú don teicneolaíocht nua seo agus gur saincheist thábhachtach cheannasachta é freisin;

31. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint an bhféadfaí an ilteangachas a úsáid, ar bhonn deonach;

32. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an Chomhairle a chur ar an eolas faoin dul chun cinn a dhéanfar maidir leis na trí roinn de na conclúidí seo faoi dheireadh 2023, chun measúnú a dhéanamh ar a riachtanaí a bheidh gníomhaíocht bhreise, más gá.

---